FURTHER INFORMATION

All queries, questionnaires and comments in relation to this project can be addressed to:

Contact Name: Brendan Quigley

Contact Title: Downings FRS Project Manager

Address: DowningsFlood Relief Scheme Project Team, RPS, The Enterprise Fund Business Centre, Ballyraine, Letterkenny, Co. Donegal, F92 AF43

Email: Downingsfrs@rpsgroup.com

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

rps MAKING COMPLEX EASY

NA DÚNAIBH

SCÉIM FAOISIMH TUILTE

Lá Eolais don Phobal

Déardaoin 11 Bealtaine 2023, 4pm – 8pm ag Meitheal Mhíobhaigh CTR

www.countydonegalfrs.ie/downingsfrs

Cuspóir an Tionscadail

Scéim faoisimh tuilte a chur i bhfeidhm do shráidbhaile na nDúnaimh le tuilte a mhaolú. Tá gá leis an Rogha Scéime Is Fearr a bheith inghlactha ag leibhéal teicniúil, sóisialta, comhshaoil agus geilleagair.

Cén Chéim ag a bhfuil an tionscadal?

Reáchtáil an Fhoireann Tionscadail Comhairliúchán Poiblí Tosaigh go mall in 2020. Reáchtáladh ar líne é de dheasca shrianta Covid 19 an Rialtais. Ag an am sin, d'iarr muid oraibh bhur ndearcthaí a thabhairt maidir le laincisí féideartha agus na ceisteanna ba chóir a bheith ann i dtaca le forbairt scéim faoisimh tuilte do na Dúnaibh. Sna freagairtí ar an chomhairliúchán, cuireadh béim ar an tábhacht le tírdhreach, ar thaitneamhacht radhairc agus ar thurasóireacht i bhforbairt scéime. Ag an am sin, chuir muid in iúl go reáchtálfadh muid imeacht poiblí eile leis an dóigh ar pléadh bhur ndearcthaí le socrú ar an Rogha Scéime Is Fearr a chuirfear ar aghaidh chuig an phróiseas pleanála reachtúil. Tugann muid cuireadh daoibh ar fad a bheith linn ag an imeacht seo ar an 11 Bealtaine 2023.

Ó bhí an Comhairliúchán Poiblí Tosaigh ann, rinne an Fhoireann Tionscadail suirbhéanna agus fiosrúcháin sna Dúnaimh a thacaigh le hanailís mhionsonraithe hidreolaíoch agus hiodrálach ar Shruthán Mhachaire Loiscthe (an Sruthán a ritheann síos taobh le Bóthar Radharc an Aigéin agus idir an pháirc CLG agus an pháirc carbhán) agus do Chuan na nDúnaimh. Ansin, thug an fhoireann faoi phróiseas forbartha rogha cuimsitheach le riosca tuilte a mhaolú. Rinneadh réimse leathan bearta a mheas de réir chritéir theicniúla, shóisialta, timpeallachta agus geilleagair sular aithníodh an rogha scéime faoisimh tuillte is fearr.

Aithníodh ceisteanna timpeallachta i Staidéar ar Laincisí Timpeallachta agus bhí siad seo ríthábhachtach maidir le forbairt an rogha. Rinne aighneachtaí a cuireadh isteach le linn an Chomhairliúchán Poiblí Tosaigh eolas don staidéar chomh maith le léirbhreithniú deisce mionsonraithe ar na sonraí timpeallachta a bhí ar fáil. Tá tuairisc an staidéir le fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail. Chinntigh an machnamh luath seo ar laincisí gur forbraíodh an Rogha Scéime Is Fearr agus aird ar chúinsí timpeallachta. Rinneadh suirbhéanna timpeallachta cuimsitheacha leis na sonraí a sholáthar son Mheasúnú Timpeallachta agus do Mheasúnú Cuí ar an Rogha Scéime Is Fearr ar shuíomhanna Natura 2000.

Lá Eolais don Phobal

Tá Céim I den tionscadal beagnach réidh anois agus d'aithin sí an Rogha Scéime Is Fearr do na Dúnaimh. Tá sé de chuspóir ag an Lá Eolais don Phobal ar an 11 Bealtaine cur in iúl daoibh faoin dóigh ar úsáideadh an fhaisnéis a thug sibh leis an Rogha Scéime Is Fearr a shainmhíniú.

An Rogha Scéime SFT Is Fearr do Na Dúnaimh.

Soláthróidh an Rogha Scéime Is Fearr Caighdeán Cosanta Cás Meánraon Todhchaí (SoP) aon bhliain as chéad ar riosca tuile abhann (Sruthán Mhachaire Loiscthe). Cuirtear síos air seo chomh maith mar Dhóchúlacht Sáraithe Bhliantúil 1% (AEP), is é sin le rá cosaint ar thuile abhann a bhfuil dóchúlacht 1% ann go dtarlóidh sé i mbliain ar bith.

Soláthróidh an Rogha Scéime Is Fearr Caighdeán Cosanta Cás Meánraon Todhchaí aon bhliain as dhá chéad ar mheicníochtaí riosca tuile cósta (SoP) (taoide, borradh stoirme agus sárú airde tonnta). Cuirtear síos air seo chomh maith mar Dhóchúlacht Sáraithe Bhliantúil 1% (AEP), is é sin le rá cosaint ar thuile abhann a bhfuil dóchúlacht 0.5% ann go dtarlóidh sé i mbliain ar bith.
Tagraíonn an Cás Meánraon Todhchaí don bhliain 2100 agus do na athruithe ar bhaol tuile a bhfuil súil leo mar gheall ar athrú aeráide (ardú leibhéil mara agus méadú ar fhliuchras) agus athruithe dobharcheantair eile (uirbiú an dobharcheantair feasta). Moltar go dtógfar an scéim leis na tosca breise seo san áireamh anois seachas filleadh orthu agus an Caighdeán Cosanta a mhéadú amach anseo.

Tagraíonn an Cás Meánraon Todhchaí don bhliain 2100 agus do na athruithe ar bhaol tuile a bhfuil súil leo mar gheall ar athrú aeráide (ardú leibhéil mara agus méadú ar fhliuchras) agus athruithe dobharcheantair eile (uirbiú an dobharcheantair feasta). Moltar go dtógfar an scéim leis na tosca breise seo san áireamh anois seachas filleadh orthu agus an Caighdeán Cosanta a mhéadú amach anseo.

Is é atá sa scéim ná uasghrádú ar cheithre thóchar reatha ar Bhóthar Radharc an Aigéin. Moltar ballaí tuille feadh Shruthán Mhachaire Loiscthe, taobh thuas agus taobh thíos den R248 (Príomhshráid) araon. Thart faoi 538 m an fad iomlán a bheidh de dhíth agus 0.75 m meánairde na mballaí tuile os cionn leibhéal na talún. Tabharfaidh na ballaí seo cosaint ar thuile chomh maith lena chinntiú nach dtitfidh bruacha Shruthán Mhachaire Loiscthe agus nach gcuirfear bac ar an chainéal dá réir.

Cá háit ar féidir liom níos mó eolais a fháil faoin Rogha Scéime Is Fearr

Déardaoin an 11 Bealtaine, cuirfidh an Fhoireann Tionscadail an Rogha Scéime Is Fearr i láthair an phobail ag Meitheal Mhíobhaigh CTR idir 4pm agus 8pm. Ar an Fhoireann Tionscadail, tá Comhairle Contae Dhún na nGall, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), agus a sainchomhairleoirí, RPS.

Ón dáta sin ar aghaidh, beidh mionsonraí faoin Rogha Scéime Is Fearr ar fáil ar shuíomh gréasáin thionscadail SFT do na Dúnaimh ag:

https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs/index.php/public-information-day

An féidir liom aiseolas a thabhairt ar an Rogha Scéime Is Fearr

Is féidir. Beidh baill ón Fhoireann Tionscadail ar fáil ar an lá le héisteacht le do thuairimí faoin Rogha Scéime Is Fearr nó is féidir leat aiseolas a thabhairt tríd an phost nó le ríomhphost i do chuid ama féin. Tá súil againn go dtig linn imní ar bith a bheadh ar an phobal áitiúil a réiteach ar an dóigh seo sula rachaidh an tionscadal ar aghaidh chuig an iarratas Chead Pleanála go luath in 2024.

Is féidir dul i dteagmhail leis an fhoireann tionscadail le haiseolas a thabhairt:

Post: Foireann Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte do Na Dúnaibh, RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, F92 AF43
Email: Downingsfrs@rpsgroup.com

Cad é an chéad chéim eile

Cuirfear Céim I i gcrích sna míonna atá romhainn agus an tuairisciú réidh, lena n-áiritear an t-aiseolas is déanaí ón phobal agus cur i gcrích an Mheasúnaithe Timpeallachta tacaithe agus Ráiteas Tionchair Natura don Rogha Scéime Is Fearr. I ndiaidh faomhadh ar Chéim I den Scéim Faoisimh Tuillte, rachaidh an tionscadal ar aghaidh go Céim II, agus iarrfar cead ón darás Pleanála cuí